Is Féidir Gach Aon Rud!

Neil Griffiths
Arna mhaisiú ag Janette Louden



Rewarding Learning

Storysack Limited, Resource House, Kay Street, Bury BL9 6BU,

Text © Neil Griffiths 2006
Illustrations © Janette Louden 2006

Ceart Neil Griffiths go n-aithneofar é mar údar an tsaothair seo, tá sé dearbhaithe aige de réir Acht cóipchirt, dearaí agus Paitinní 1988.

Gach ceart ar cosaint.
Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, nó a tharchur in aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, thaifeadadh, nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón Fhoilsitheoir. Aon duine a dhéanann gníomh neamhúdaraithe ar bith i dtaca leis an fhoilseachán seo de is féidir go mbeidh sé/sí inchurtha faoi ionchúiseamh coiriúil agus faoi éilimh shibhialta le haghaidh damáistí.

Dearadh le David Rose



Ar maidin go moch, ba í fuaim rat-a-tat-tat ag teacht ó fhréamhacha an Chrainn Mhóir Darach a mhúscail Ulchabhán, Seilide, Spideog, Broc agus Dearcán Beag. Shíl siad gur Snag Darach a bhí ann ag iarraidh teacht ar chruimheanna lena n-ithe agus rinne siad neamhiontas de, mar sin.
Ach **THREISIGH** ar an fhuaim.

"Cé hé sin atá ag cur isteach ar mo chodladh?" arsa Ulchabhán go gearánach.

"Mise," a d'fhreagair glór fann.

"Cé hé Mise?" a d'fhiafraigh Spideog go cantalach.

"Sicín atá ann," a bhéic Seilide. "Caithfidh sibh uile a theacht anuas.
Tá cuma iontach feargach uirthi!"

Tháinig siad uile le chéile ag fréamh an chrainn.
"Tá mo sháith agam," a ghliogar Sicín. "Tá mé ag dul an bealach seo le mo bheo. Bhíodh mo mháthair ag déanamh amhlaidh romhamsa agus a máthair féin roimpi siúd arís. Le roinnt míonna anuas bhí orm mo bhealach a bhrú thar an chrann seo ach ní thig liom é a dhéanamh níos mó,"
a scréach sí.



D'amharc créatúir na coillearnaí go grinn air agus bhí an ceart aici. Bhí an Seanchrann Darach chomh leathan sin anois nach dtiocfadh le créatúr ar bith a bhealach a dhéanamh thart le dul isteach sna coillte agus sna páirceanna ar an taobh thall.

“Mura dtig liom dul isteach sna coillte ar an taobh thall, ní bheidh mé in ann an talamh a phriocadh le teacht ar na rudaí a bhíonn de dhíth orm mo bhlaoscanna uibhe a dhéanamh. Mura mbíonn blaoscanna uibhe agam, ní bheidh uibheacha agam!” arsa Sicín go héagaointeach.

“Tá **FADHB** againn,” arsa Dearcán Beag go gruama.

“Is mó ná fadhb a bheidh agaibh má fhaigheann an Feirmeoir amach é,” a bhagair Sicín. “Beidh air an crann a leagan,” a bhagair sí.



“Ohh!!” a chnead siad in éindí a chéile.

“Ach ní féidir é,” arsa Spideog. “Is ansin atá mo nead agam.”

“Is ansin a chodlaím i mo log,” arsa Ulchabhán.

“Is i mo bhrocach thíos faoina fhréamhacha atá mé i mo chónaí,” arsa Broc.

“Bíonn a dhuilleoga de dhíth orm le cuachadh suas fúthu,” arsa Seilide.

“Is ansin atá mé i mo chónaí le mo bheo,” arsa Dearcán Beag agus osna á ligean aige.

“Déan rud éigin, mar sin, agus déan go luath é,” a bhagair Sicín, agus siúl péacógach fúithi ar a bealach ar ais chun na feirme.

Thiontaigh cách ar Ulchabhán críonna, mar ba aigesean i gcónaí a bheadh na dea-smaointe. Ach sula raibh deis aige bheith ag smaoineamh, fiú, shiúil Bó go mall ina dtreo.



"Caithfear rud éigin a dhéanamh," a ghéim sí. "Ní thig liom mé féin a bhrú thar an chrann sin arís. Muise, ba bheag nár thit mé isteach san abhainn inné."

"Is ag dul chun olcais atá an **FHADHB** againn," arsa Dearcán Beag go himníoch.

"Is é an fhadhb atá agamsa ná caithfidh mé dul isteach sa mhóinéar le bheith ag innilt san fhéar mhéith," arsa Bó.

"Mura mbíonn féar agam ní thig liom bainne a sholáthar. Má fhaigheann an feirmeoir amach...."

"Tá a fhios againn!" arsa siad d'aon ghlór ag cur isteach uirthi.

"Ná habair é le do thoil."

"Déan rud éigin, mar sin, agus déan go luath é," a d'éiligh sí.

“Ba chóir dúinn cruinniú a bheith againn,” arsa Ulchabhán. “Déanaimis iarracht teacht ar dhea-smaointe i dteannta a chéile, mar fhoireann,” arsa sé go dóchasach.



Bhí siad díreach ar tí tús a chur leis an chruinniú nuair a tháinig Caora de shodar ina dtreo.

"Níl sé maith go leor anois," arsa sí de mhéil. "An bealach seo atá á úsáid agam leis na blianta le dul isteach sa cheapach tornapaí. Thriail mé inné é ach chuaigh m'olann in aimhréidh sa choirt. Ní raibh mé ábalta dul thart ar dhóigh ar bith."

"Is mó, fiú, atá an **FHADHB** againn anois," arsa Dearcán Beag agus osna á ligean aige.

"Is mó ná fadhb anois é. Mura mbíonn tornapaí le hithe agam ní bheidh mo chuid olla ag fás," arsa Caora go gearánach. "Má fhaigheann an feirmeoir ...."

"Stop! Tá a fhios againn. Tuigimid go maith é!" a d'fhreagair cách le chéile.

"Déan rud éigin, mar sin, agus déan go luath é," a bhagair Caora.

D’aimsigh créatúir na coillearnaí áit chiúin chompordach lena machnamh a dhéanamh ar an fhadhb acu.
Dúirt Ulchabhán gur chóir **MEITHEAL SMAOINTE** a bheith acu. Níor thuig créatúr ar bith acu cad é a bhí i gceist aige.
Dúirt Ulchabhán go gcaithfeadh gach uile chréatúr acu a dhianmhachnamh a dhéanamh agus na smaointe a roinnt ar a chéile.

Rinne siad uile a ndianmhachnamh, ach níor tháinig siad ar oiread is smaoineamh amháin a bheadh ina chuidiú an fhadhb a fhuascailt.

Ba ansin a rinne Ulchabhán críonna fógra.
"Sílim gur cóir dúinn roinnt **TAIGHDE** a dhéanamh."
Níor thuig créatúr ar bith acu cad é a bhí i gceist anseo ach oiread.
"Bhuel, caithfimid a fhiafraí de na hainmhithe feirme uile an mbíonn orthu dul thar an Seanchrann Darach. Mura bhfuil fadhb ach ag Caora, Bó agus Sicín amháin, seans nach bhfuil an fhadhb seo chomh mór is a shílimid," arsa sé agus seitgháire á dhéanamh aige.

Ach **FADHB** a bhí ann, agus **FADHB** iontach mór ar fad! Dúirt Turcaí le Spideog nach dtiocfadh leis dul a fhad leis an choill le bheith ag priocadh faoi choinne péisteanna. Dúirt Gabhar le Seilide nach dtiocfadh leis dul a fhad leis an choill lena adharca a chuimilt ar na crainn le nach mbeadh siad chomh géar sin. Dúirt Muc le Broc nach dtiocfadh leis dul a fhad leis an choill le bheith ag smuasaíl faoi choinne fréamhacha blasta. Agus dúirt Capall le Dearcán Beag go raibh aclaíocht de dhíobháil go géar air agus nach raibh sé in ann dul a fhad leis an mhóinéar le bheith ag rith ar cosa in airde

D'fhill créatúir na coillearnaí faoi bhrón lena scéala a chur in iúl do Ulchabhán. "M'anam," arsa Ulchabhán agus osna á ligean aige. "Cad é a dhéanfaimid? Na créatúir ón fheirm, ní thig leo dul **FAOI.** Ní thig leo dul **TRÍD.** Ní thig leo dul **OS A CHIONN.** Ní thig leo dul **THART** air!"

"Fan bomaite," arsa Broc agus sceitimíní air. "Tig leo dul faoi. Déanfaidh mise tollán a thocailt!"

"Ar dóigh!" arsa Ulchabhán. "Ach ní rachaidh Bó ná Capall trí thollán riamh."

“Dá bhféadfaimis cuid de na craobhacha ag an bhun a bhaint, d’fhéadfadh Sicín cleitearnach agus greadadh a bhaint as a sciatháin le dul tharstu, mar tá cuid bheag eitilte aici,” a ghíog Spideog.

“Go hiontach!” arsa Ulchabhán. “Ach níl eitilt ag Bó ná Capall.”

“Fan bomaite,” a scréach Dearcán Beag.
“Agus na craobhacha bainte againn, nach bhféadfaimis iad a úsáid le droichead a thógáil thar an abhainn? Bheadh Bó agus Capall in ann dul a fhad leis an mhóinéar ansin!”

“Dochreidte!” arsa Ulchabhán go mórtasach.
“A leithéid **d’FHOIREANN** a dhéanann sibh!”

“Ní mór dúinn deifir a dhéanamh,” arsa Dearcán Beag go himníoch, “sula gcluinfidh an feirmeoir faoin **FHADHB.**”



"Maith go leor," a d'fhógair Ulchabhán. "Déanaimis plean!"

"Cad iad na **hACMHAINNÍ** a bheidh de dhíth orainn? Déanfaidh mé liosta," arsa Broc.

Agus sin déanta acu, dúirt Ulchabhán gur cheart dóibh na **RÓIL** acu a shocrú. Arís anseo, ní raibh a fhios ag créatúr ar bith acu cad é a bhí i gceist.

"Caithfidh jab a bheith againn go léir," a mhínigh sé. "Beimid in ann an obair a dhéanamh níos gasta, mar sin."

"Tá mise go maith chun tochailte," a bhéic Broc.

"Déanfaidh mise an tollán a thocailt, mar sin."

"Bainfidh mise na duilleoga go léir ar shiúl, ar dtús," arsa Seilide go cuidiúil.

"Tá Spideog agus mise go maith i mbun sáibh, bainfimid na craobhacha, mar sin," arsa Dearcán Beag.

"Is féidir linn bheith ag obair as lámha a chéile, ansin, leis an droichead a thógáil," a scairt Ulchabhán ó bharr an chrainn mar a raibh an obair á treorú aige agus é ag breathnú go bródúil ar a fhoireann agus iad ag obair chomh gasta agus chomh maith sin le chéile.



Faoi luí gréine bhí an obair déanta agus bhí tollán breá agus droichead breá tógtha acu. An tráthnóna sin, shuigh créatúir na coillearnaí i dteannta a chéile ag amharc go measúil ar a gcuid oibre agus an ghrian ag dul faoi. Chodail siad uile go maith an oíche sin.

An mhaidin dár gcionn, d'imigh Spideog ar eitleog go gasta chun na feirme le cuirí a thabhairt amach chun ócáid speisialta a fhógairt.
"Tollán agus Droichead An Chrainn Mhóir Darach – Oscailt Mhór,"
a bhí scríofa ar an chuireadh.



Rinne na hainmhithe feirme iontas den obair a bhí déanta acu agus bhí siad ag déanamh spraoi mór agus iad ag sodar **FAOI, OS CIONN** agus **ANONN** ar bhealach na coillearnaí.



Shíl Sicín gur barraíocht oibre a bheadh i gceist bheith ag eitilt os cionn na gcraobhacha agus chuaigh sí tríd an tollán, mar sin.

I ndiaidh gur ith na hainmhithe feirme Féasta ar dóigh a bhí réitithe ag Dearcán Beag faoina gcoinne, bhailigh siad le chéile le buíochas a ghabháil leo. Tháinig Bó chun tosaigh agus thug óráid.

"A chairde na coillearnaí, ba mhaith linne, ainmhithe na feirme, ár míle buíochas a ghabháil libh as a bheith chomh **FIONTRACH** sin!"

Níor thuig ach Ulchabhán cad é an bhrí a bhí leis an fhocal sin, ach bhí a fhios acu uile gur rud maith a bhí ann!



Ba mhaith le CCEA aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag Barbara Fowler leis an acmhainn seo a fhorbairt.

Focal buíochais ar leith le Melanie Mulligan (CCEA).

Rewarding Learning

Tá grá mór ag Ulchabhán, Spideog, Broc agus Seilide don chrann Darach, ach tá baol ann go gcaillfidh siad é.

Ach trí chur chuige fiontrach a chur i bhfeidhm, d'fhoghlaim siad –

IS FÉIDIR GACH AON RUD!



UK FINALIST 2006 NI AWARD WINNER INVESTOR IN PEOPLE ISO 9001 Registered UKAS 015 CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE ISO 14001 Registered UKAS 015

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning